**Comhairle Contae Fhine Gall** | **Roinn na nOibríochtaí**
Fingal County Council | Operations Department

**RANNÓG NA nOIBRÍOCHTAÍ, COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL, BÓTHAR AN GHARRÁIN, BAILE AN BHLAINSÉIR, BAILE ÁTHA CLIATH 15**
**TEILEAFÓN: (01) 890 5000 RÍOMHPHOST: roads@fingal.ie**

## FOIRM IARRATAIS CEADÚNAIS DO

## STRUCHTÚR FÓGRAÍOCHTA / CHOMHARTHA LÓISTÍN DO THURASÓIRÍ

**NA hACHTANNA UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000-2015 (Alt 254)(d)**
**NA RIALACHÁN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2001 - 2015 (Airteagal 201)**

- **Comharthaíocht Fógraíocht** **(Táille €50 sa bhliain an comhartha, iníoctha tar éis a cheadaithe)**
- **Comharthaíocht Lóistín do Thurasóirí** **(Táille €50 sa bhliain an comhartha, iníoctha tar éis a cheadaithe)**

**€200 an táille chun aon chuaille nua a chur suas chun freastal ar a luaitear thuas.**

**<u>NÁ CUIR AN ÍOCAÍOCHT FAOI IAMH LEIS AN IARRATAS SEO</u>**

***ÚSÁID BLOCLITREACHA AGUS TÚ AG COMHLÁNÚ NA FOIRME***

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Ainm an Iarratasóra: | |
| 2. | Seoladh an Iarratasóra: | |
| 3. | Uimhir theileafóin: | |
| 4. | An Cineál Gnó: | Lóistín do Thurasóirí<br>(Sonraigh le do thoil)<br>Eile (sonraigh le do thoil) : |
| 5. | Líon na gcomharthaí atá á lorg (dhá cheann ar a mhéad):<br><br>(In ord tosaíochta) | |
| 6. | Suíomh an chomhartha (na gcomharthaí) atá beartaithe :<br>Caithfidh mapa den suíomh a bheith i dteannta an iarratais seo. Tabhair ar aird: Ní mór ainmneacha oifigiúla na mbóithre a bhfuil sé i gceist an struchtúr a chur in airde orthu a chur in iúl go soiléir. Glacfar le mapa OSI. | |
| 7. | Foclaíocht mholta an chomhartha.<br>**Ba cheart cló bán a bheith ar an gcomhartha agus cúlra donn a bheith ann.** | |

** NÍ FHÁGANN DEONÚ CEADÚNAIS GO BHFUIL AN CEADÚNAÍ DÍOLMHAITHE Ó FHORÁLACHA AON REACHTAÍOCHTA EILE.*
**

**Síniú an iarratasóra** ________________________________

**Dáta** ______________________________________

Seol an fhoirm iarratais ar ais chuig Comhairle Contae Fhine Gall, Rannóg na nOibríochtaí, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15.

## Coinníollacha Ginearálta

1. Ní ceadmhach struchtúr fógraíochta ná comhartha a chrochadh in airde in aon áit sula ndeonaítear an ceadúnas cuí agus sula n-íoctar na táillí ina n-iomláine.

2. Ní iarrfar táillí ach amháin nuair a chuirfear in iúl duit i scríbhinn go bhfuil do cheadúnas ceadaithe.

3. Ní mór na sonraí cuí a bheith i dteannta iarratais, faoi mar atá curtha in iúl ar an bhfoirm iarratais.

4. Is le haghaidh gach comhartha nó struchtúr fógraíochta sa bhliain an táille agus caithfear í a íoc ina hiomláine sula n-eisítear ceadúnas. Ní eiseofar aon cheadúnas nó go n-íocfar na táillí ina n-iomláine.

5. Beidh an t-iarratasóir freagrach as an gcostas a bhaineann le haon chomharthaí a fháil nó comharthaí nua a chur ina n-áit agus a cheadaítear faoin iarratas seo.

6. Is gá cead a fháil roimh ré ón Údarás um Bóithre Náisiúnta maidir le hiarratais i ndáil le comharthaíocht atá beartaithe a chrochadh ar Phríomhbhealach Náisiúnta.

7. Ach a mbeidh cuaille crochta in airde ag an gComhairle ar bhóthar poiblí, is leis an gComhairle an cuaille, ach fanann an chomhartha faoi úinéireacht an tsealbhóra ceadúnais.

## AN NÓS IMEACHTA ATÁ I GCEIST MÁ CHEADAÍTEAR D'IARRATAS

**Ba cheart cló bán a bheith ar an gcomhartha (na comharthaí) agus cúlra donn a bheith ann.**

Cuirfear in iúl duit nuair a gheobhaidh tú cead. Caithfidh tú an comhartha (na comharthaí) a cheannach ó sholáthraí ceadaithe (féach an liosta thíos) agus caithfidh tusa na costais ar fad a sheasamh. Tusa a bheidh freagrach as comharthaí nua a chur ann má dhéantar damáiste don chomhartha (do na comharthaí) atá agat nó más gá caoi a chur orthu de bharr caithimh. Má theastaíonn cuaille nua chun an comhartha (na comharthaí) a chur air, iarrfar táille €200 chun é a ardú. Is tú atá freagrach as an gcuaille a ordú agus a cheannach.

**Is iad ainmneacha agus seoltaí na soláthraithe ceadaithe:-**

M & E Supplies, Eastát Tionsclaíochta Hills, Leamhcán, Co . Bhaile Átha Cliath Tel 01 628 3888

Rennicks Manufacturing Limited, Cill Bhríde, Mullach Eadra, Teil. 01 885 9200
Ríomhphost: sales@rennicks.com

**Tá leagan Béarla den fhoirm seo ar fáil.**